Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2026
(OR. fr)

10815/26
ADD 1

LIMITE

API 140
INF 189

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8951/26; 8953/26; 8954/26 + ADD 1 |
| Ábhar: | Rochtain phoiblí ar dhoiciméid – Iarratas dearbhúcháin Uimh. 22/c/01/26 – Formheas an fhreagra ón gComhairle = Ráiteas |

**Ráiteas ón mBeilg, ón bhFrainc, ón Ísiltír, ón Rómáin agus ón tSlóivéin maidir le nochtadh an doiciméid ina leagtar amach tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an tSaoráid Eorpach Síochána i ndáil leis an Úcráin**

Tá an Bheilg, an Fhrainc, an Ísiltír, an Rómáin agus an tSlóivéin i gcoinne fhoilsiú an leagain is déanaí den doiciméad mar a mhol an Ardrúnaíocht.

In WK 7935/2025, arna ullmhú ag SEGS, leagtar amach tuarascáil ar dhul chun cinn maidir leis an tSaoráid Eorpach Síochána i ndáil leis an Úcráin. Tá faisnéis fhairsing ann maidir le trealamh míleata a sheachadadh chuig an Úcráin.

Tá dhá riosca ag baint lena nochtadh, fiú go páirteach, eadhon ó thaobh na cosanta agus an chaidrimh idirnáisiúnta de – dhá leas phoiblí a d'fhéadfadh údar a thabhairt le diúltú faisnéis a nochtadh faoi Airteagal 4(1) de Rialachán 1049/2001.

Go deimhin, tráth a bhfuil go leor ionsaithe faisnéise maidir le tacaíocht don Úcráin, d'fhéadfaí míthuiscint a bhaint as an bhfaisnéis nochta ar an gcaoi seo nó, go deimhin, d'fhéadfaí úsáid a bhaint aisti ar bhealach a dhéanfadh dochar do leasanna an Aontais Eorpaigh agus do chosaint na leasanna thuasluaite.

PUBLIC